Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**9536/26**

**LIMITE**

**CORLX 495**
**CFSP/PESC 734**
**RELEX 691**
**FIN 731**
**COEST 392**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin |

**RIALACHÁN (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin[1],

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 78, 17.3.2014, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/145(1)/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle[2], tugtar éifeacht do na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES.

(2) An … 2026, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2026/…[3+], lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES.

(3) Chun éagsúlú na slabhraí soláthair a áirithiú d'oibreoirí an Aontais, le Cinneadh (CBES) 2026/…[++] tugtar isteach maoluithe sealadacha nua ar an reo sócmhainní agus ar an toirmeasc ar chistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil d'eintiteas ainmnithe, lena gceadaítear foirceannadh oibríochtaí, conarthaí agus comhaontuithe eile arna dtabhairt i gcrích leis an eintiteas sin agus lena gceadaítear don earnáil tionsclaíochta comhpháirteanna criticiúla arna monarú ag an eintiteas sin a cheannach. Meastar go ndéanfaidh oibreoirí pleananna éagsúlaithe iomchuí a ghlacadh agus a chur chun feidhme sula rachaidh an maolú sin in éag, d'fhonn aistriú chuig foinsí malartacha soláthair a chumasú.

(4) Tagann na bearta sin faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais, go sonrach d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go haonfhoirmeach i ngach Ballstát iad.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

[2] Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/269/oj).

[3] Cinneadh (CBES) 2026/… ón gComhairle an … lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L…, ELI: …).

[+] IO: comhlánaigh, le do thoil, uimhir, dáta agus tagairt foilseacháin an Chinnidh i ndoiciméad ST 9534/26.

[++] IO: comhlánaigh, le do thoil, uimhir an Chinnidh atá i ndoiciméad ST 9534/26.



PUBLIC

*Airteagal 1*

In Airteagal 6b de Rialachán (AE) Uimh. 269/2014, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘5l. De mhaolú ar Airteagal 2, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit a údarú cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe ar leis an eintiteas a liostaítear faoin uimhir iontrála iad a scaoileadh faoin gceannteideal ‘Eintitis’ in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, nó cistí nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil don eintiteas sin, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí agus tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil fíorghá leis na cistí nó leis na hacmhainní eacnamaíocha sin:

(a) i gcás oibríochtaí, conarthaí nó comhaontuithe eile arna dtabhairt i gcrích leis an eintiteas a liostaítear faoin uimhir iontrála 692 roimh an 23 Aibreán 2026 a fhoirceannadh faoin 31 Nollaig 2026 agus ar choinníoll go mbeidh scaoileadh nó cur ar fáil cistí nó acmhainní eacnamaíocha curtha i gcrích faoin 31 Nollaig 2026; nó

(b) i gcás ceannacháin tionscail comhpháirteanna criticiúla arna monarú ag an eintiteas sin, agus i gcás íocaíochtaí comhfhreagracha leis an eintiteas sin d’fhonn aistriú chuig foinsí malartacha soláthair a chumasú ar choinníoll go mbeidh scaoileadh nó cur ar fáil na gcistí nó na n-acmhainní eacnamaíocha curtha i gcrích faoin … *[IO: cuir isteach an dáta 9 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*.’.

PUBLIC

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC